



An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

Athbhreithniú Lártéarma na Straitéise Náisiúnta Tailte Móna

Ábhar

Eolas comhthéacsúil	1
Céard iad na hathruithe atá tugtha faoi deara ó foilsíodh an Straitéis?	3
Céard is féidir a chur i gcrích sa chéad 5 bliana (2021 go dtí 2025) eile den Straitéis Náisiúnta Tailte Móna?	5
Straitéis Náisiúnta Tailte Móna – Cur Chun Feidhme Gníomhartha a bhfuil Tús Áite tugtha dóibh 2021-2025	6
Aguisín – Gníomhartha na Straitéise Náisiúnta Tailte Móna Dúnta agus/nó Monatóireacht ar bun	13

Cúlra

Seo a leanas físcráiteas Straitéis Náisiúnta Tailte Móra 2015-2025 ‘creat fadtéarmach a sholáthar inar féidir tailte móna uile an Stáit a bhainistiú go freagrach chun lántairbhe a bhaint as an mbuntáiste sóisialta, comhshaoil agus geilleagrach a bhaineann leis i gcomhthéacs na glúine seo agus na nglúnta a bheidh ann amach anseo’. Sonraítear ann cur chuige trasrialtais maidir le saincheisteanna a bhaineann le tailte móna a bhainistiú, lena n-áirítear: reachtaíocht, comhaontuithe, pleananna agus beartais iomchuí náisiúnta agus idirnáisiúnta a chomhlíonadh; athrú aeráide; foraoiseacht; cáilíocht uisce; rialúchán tuilte; fuinneamh; caomhnú agus athchóiriú an dúlra; pleanáil talamhúsáide; agus talmhaíocht. Forbraíodh an Straitéis seo trí chomhpháirtíocht idir Ranna Rialtais/Comhlachtaí Stáit ábhartha agus príomhpháirtithe Leasmhara tríd an gComhairle Tailte Móra.

Tá 25 príomhphrionsabal mar bhonn leis an Straitéis agus tugtar gealltanas ann maidir le 32 gníomh in earnálacha éagsúla agus bunaithe ar théamaí éagsúla, lena n-áirítear, i measc théamaí eile, Taighde, Turasóireacht, Talmhaíocht, Foraoiseacht, Caomhantas, Athchóiriú, Baint Mhóra, Fuinneamh, Cáilíocht Uisce agus Athrú Aeráide.

Tá tuarascáil ar Dhul Chun Cinn na Straitéise foilsithe le haghaidh 2017 agus 2018/2019, agus tá an t-athbhreithniú seo á dhéanamh i gcomhthéacs na dtuarascálacha sin.

Eolas comhthéacsúil

Iarracht dhearfach ba ea prionsabail agus gníomhartha bunaidh na Straitéise chun plean a leagan síos i gcomhthéacs a bhí ag athrú go tapa, ag glacadh leis go raibh na himthosca ag athrú agus go mbeadh sé riachtanach cuspóirí agus gníomhartha a nuashonrú chun teacht leo: bhí sé beartaithe i gcónaí gur doiciméad beo a bheadh ann. Is chuige sin atá an t-athbhreithniú lártéarma á dhéanamh.

Is é an aidhm atá leis an athbhreithniú lártéarma seo, dá réir sin, ní béim a leagan an athuair ar na tuarascálacha ar dhul chun cinn, ach measúnú ginearálta a sholáthar ar staid reatha na Straitéise, céard is féidir a chur i gcrích as seo go ceann cúig bliana, agus, más gá, athruithe ar na gníomhartha atá sonraithe sa Straitéis a mholadh chun an Straitéis a ailíniú lena spriocanna foriomlána agus leis an gcomhthéacs reatha.

Éacht suntasach de chuid na Straitéise é an bhéim agus an aird chomhordaithe atá ar shaincheisteanna tailte móna dá barr agus an comhoibriú gaolmhar idir Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit agus Comhlachtaí Stáit atá cumasaithe ag an Straitéis.

Maidir le gach gníomh faoin Straitéis, tá comhlacht ceannais ainmnithe chun gach gníomh a chur chun feidhme, agus tá comhlachtaí eile ainmnithe i bhformhór na gcásanna. Tá tús curtha le nó táthar ag leanúint le roinnt mórthionscadal agus mórthionscnamh mar chuid de chur chun feidhme ghníomhartha na Straitéise, a thugann le fios gur cur chuige éifeachtach é cuspóirí nithiúla a shonrú go sainráite agus obair a dhéanamh chun iad a chomhlíonadh. É sin ráite, tá an dul chun cinn atá déanta i ndáil le cur chun feidhme ghníomhartha áirithe mall.

Céard iad na hathruithe atá tugtha faoi deara ó foilsíodh an Straitéis?

Tá roinnt beartas agus pleananna suntasacha eile forbartha ó foilsíodh an Straitéis Náisiúnta Tailte Móra, lena n-áirítear:

- Plean Bainistíochta Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta na bPortach Ardaithe 2017-2022;
- Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019;
- Comhaontú Glas don Eoraip;
- Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Bithéagsúlachta 2017-2021;
- Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Bhord na Móna;
- Plean Oiriúnaithe Earnála an Athraithe Aeráide Bithéagsúlachta 2019;
- Straitéis Bithéagsúlachta an AE le haghaidh 2030;
- An Bille um Fhiadhúlra (Leasú), 2016;
- Oidhreacht Éireann 2030 (ar siúl);
- Plean Oiriúnaithe Earnáil an Athraithe Aeráide Bhonneagar Cáilíocht Uisce agus Seirbhísí Uisce (2019);
- Plean Bainistíochta Abhantraí 2018-2021;
- Rialacháin talamhúsáide, athrú talamhúsáide agus foraoiseachta (LULUCF) le haghaidh 2021-2030;
- Comhairliúchán Poiblí reáchtáilte maidir le dréacht-Treoirlínte Forbartha Fuinnimh Ghaoithe (ar siúl);
- Plean Forfheidhmithe Náisiúnta Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe;
- Clár an Rialtais 2020;
- Stádas na nGnáthóg agus na Speiceas Cosanta in Éirinn (2019).

Cé nach bhfuil siad seo tagtha in ionad fheidhmeanna na Straitéise Náisiúnta Tailte Móra, tá sé riachtanach go gcuirfear cuspóirí na bpleananna eile seo san áireamh i dtreo na Straitéise amach anseo, go háirithe sa chás go bhféadfadh dúbailt a bheith i gceist le torthaí nó gníomhartha inmhianaithe na Straitéise.

Ar bhonn níos ginearálta, tá athrú suntasach tagtha ar na comhráite maidir le húsáid tailte móna, cuspóirí comhshaoil agus bithéagsúlachta, gníomhú ar son na haeráide, agus úsáid tráchtála móna le cúig bliana anuas agus ba cheart na prionsabail agus na gníomhartha atá sonraithe sa Straitéis a athbhreithniú sa chomhthéacs sin.

Lena chois sin, pointe dearfach is ea go bhfuil roinnt de na gníomhartha sonracha atá leagtha síos sa Straitéis curtha i gcrích. Dá réir sin, beidh sé úsáideach don athbhreithniú lártéarma seo measúnú a dhéanamh ar na gníomhartha a bhféadfaí iad a dhúnadh, ar na gníomhartha nach gá ach iad a mhonatóiriú, agus ar na gníomhartha a éilíonn meascán den dá chur chuige.

Céard is féidir a chur i gcrích sa chéad 5 bliana (2021 go dtí 2025) eile den Straitéis Náisiúnta Tailte Móna?

Sa dara leath de thréimhse deich mbliana na Straitéise, ní mór an bhéim a leagan ar an méid is féidir a bhaint amach bunaithe ar Phrionsabail na Straitéise. Ní mór an oiread dul chun cinn intomhaiste agus is féidir a dhéanamh i ndáil le cur chun feidhme na Straitéise, agus aird a tharraingt ar réimsí nua san athbhreithniú lártearma atá ag teacht chun solais a d'fhéadfaí a mheas in aon Straitéis a bheidh ann amach anseo.

Á chur sin san áireamh, moltar go ndéanfar na gníomhartha atá sonraithe sa Straitéis Náisiúnta Tailte Móna a nuashonrú agus a áireamh i bPlean Forfheidhmithe nua, ina ndírítear ar ghníomhartha atá fós le cur i gcrích a bheachtú agus tús áite a thabhairt do chuspóirí intomhaiste, indéanta.

Beidh an t-athbhreithniú seo ar an Straitéis mar bhonn le héifeachtúlacht na Straitéise a mhéadú chomh fada is a bhaineann le cuspóirí foriomlána a chur i gcrích, comhordú agus cumarsáid idir Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit agus Comhlachtaí Stáit a fheabhsú, agus na gníomhartha a bhfuil tús áite á dtabhairt dóibh a shonrú agus na gníomhartha a gcuirfear i gcrích as seo go ceann cúig bliana. Tá sé beartaithe gur cur chuige pragmatach agus praiticiúil a bheidh sa Phlean Forfheidhmithe a dhíreoidh ar an méid is féidir a chur i gcrích, na nithe ba cheart tús áite a thabhairt dóibh, agus céard is féidir a thomhas agus a thuairisciú go héifeachtach.

Tá gníomhartha áirithe atá sonraithe sa Straitéis Náisiúnta Tailte Móna curtha i gcrích faoin tráth seo nó tá dul chun cinn déanta chuig céim ina bhfuil gá le monatóireacht ar chur chun feidhme. Leanfaidh Grúpa Forfheidhmithe na Straitéise Tailte Móna (ar a bhfuil ionadaithe ó Ranna Rialtais agus Comhlachtaí Stáit ábhartha) le monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhartha seo de réir mar is cuí.

Straitéis Náisiúnta Tailte Móna – Cur Chun Feidhme Gníomhartha a bhfuil Tús Áite tugtha dóibh 2021-2025

Tuirisc	Uimh. Tag. Gníomhartha 1	Comhlacht Ceannais	Amlíne maidir le Gníomhartha a chur i gCrích
A Uasghrádóidh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, i gcomhairle leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus Bord na Móna, córais mhapála talamhúsáide agus gnáthóige chun coinníoll bonnlíne bogach a bhunú agus eolas a chur ar fáil le haghaidh forbairt treoirlínte dea-chleachtais do bhainistíocht bogach, lena n-áirítear bainistíocht bogach agus tailte móna díghrádaithe atá in úsáid le haghaidh baint mhóna fuinnimh faoi láthair (féach ar leathanach 108 de Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019).	2	An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide	Ráithe 3 2021
B Soláthróidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta eolas agus comhairle oiriúnach don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara nuair a bheidh an Cód Cleachtais Forordaithe maidir le Dó á nuashonrú lena chinntiú go bhfuil aird á tabhairt ar dhea-chleachtas maidir le bainistíocht oiriúnach talún le haghaidh tailte móna.	4	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	Ráithe 4 2021
C I ndiaidh fhoilsiú na tuarascála athbhreithnithe maidir le húsáid súsáin sa tionscal gairneoireachta, tá grúpa oibre le bunú ar a mbeidh ionadaithe ó Ranna Rialtais agus ó Ghníomhaireachtaí Stáit ábhartha, Eagraíochtaí Comhshaoil Neamhrialtasacha agus páirtithe leasmhara ón tionscal a bheidh á stiúradh ag cathaoirleach neamhspleách a dhéanfaidh scrúdú ar na saincheisteanna a sainaitníodh i rith an athbhreithnithe agus a thuarisceoidh don Aire don Oidhreachta agus don Athchóiriú Toghchán maidir lena bhreithniúcháin.	5	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	Ráithe 2 2021

¹ Tagraíonn na huimhreacha seo don ghníomh/do na gníomhartha bunaidh sa Straitéis Náisiúnta Tailte Móna ar a bhfuil na gníomhartha sa Phlean Forfheidhmithe seo bunaithe.

Straitéis Náisiúnta Tailte Móna – Cur Chun Feidhme Gníomhartha a bhfuil Tús Áite tugtha dóibh 2021-2025 (ár lean)

Tuairisc	Uimh. Tag. Gníomhartha	Comhlacht Ceannais	Amlíne maidir le Gníomhartha a chur i gCrích
<p>D Oibreoidh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Coillte leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht lena chinntiú go dtugtar gealltanas sa doiciméad a thagann i ndiaidh Chlár Foraoiseachta 2014-2020, treoir agus critéir a bhunú chun limistéir mhóna atá faoi fhoraois faoi láthair a shainaithint agus a bhainistiú go cuí amach anseo, agus treoir a fhorbairt maidir le foraoisiú ithreacha móna amach anseo,</p>	7	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	Ag tosú i Ráithe 1 2021
<p>E Leanfaidh Grúpa Forfheidhmithe na Straitéise Tailte Móna le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus tacú le tionscnaimh atá deartha chun soláthar seirbhísí éiceachórais tailte móna atá ag feidhmiú go nádúrtha a mhéadú, go háirithe tionscadail INTERREG CABB AE (Comhoibriú Thar Theorainneacha do Bhithéagsúlacht na hÉireann/na Ríochta Aontaithe 2017 go dtí 2022) agus CANN (Comhar thar Líonra Natura); tionscadail taighde ábhartha Bhord na Móna; tionscadail ábhartha na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus tionscadail taighde eile; bearta athchóirithe faoi Phlean Bainistíochta Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta na bPortach Ardaithe 2017-2022 agus scéim nua feabhsaithe um dhíchoimisiúnú, athshlánú agus athchóiriú thailte móna Bhord na Móna; gníomhartha déanta laistigh de Thionscadal Comhtháite LIFE an AE <i>'Wild Atlantic Nature'</i>; agus gníomhartha eile curtha i gcrích faoi thionscadail ábhartha a d'fhéadfaí a bhunú san amfráma idir 2020-2025.</p>	8	Grúpa Forfheidhmithe na Straitéise Tailte Móna	Ar siúl idir 2021 - 2025

Straitéis Náisiúnta Tailte Móna – Cur Chun Feidhme Gníomhartha a bhfuil Tús Áite tugtha dóibh 2021-2025 (ár lean)

	Tuairisc	Uimh. Tag. Gníomhartha	Comhlacht Ceannais	Amlíne maidir le Gníomhartha a chur i gCrích
F	Déanfaidh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, le cúnaimh ó Bhord na Móna, measúnú ar stádas foriomlán úinéireachta na lagphortach (lena n-áirítear bratphortach) ar fud na tíre, agus leagfar béim ar eolas a bhailiú faoin gcéatadán atá faoi úinéireacht phoiblí agus phríobháideach. Beidh an t-eolas seo riachtanach chun úsáidí oiriúnacha na talún seo amach anseo a chinneadh agus tairbhe a bhaint as a phoitéinseal. Breithneofar tuarascáil a fhoilsiú de réir na reachtaíochta cosanta sonraí.	9, 12	An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide	Ráithe 4 2022
G	Leanfaidh Bord na Móna, i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, le trialacha atá bunaithe ar shaothrú Súsáin agus cuirfear tús le trialacha eile atá bunaithe ar theicnící riascshaothraithe eile agus tuairisceofar na torthaí. Breithneofar na torthaí a fhoilsiú, faoi réir íogaireacht tráchtála.	10	Bord na Móna	Ar siúl idir 2021-2025
H	Soláthróidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maoiniú le haghaidh an tionscadail 'Leochaileacht na n-éiceachóras tailte móna d'aeráid atá ag athrú agus méaduithe ar mhinicíocht agus ar dhéine triomach' agus déanfaidh siad maoirseacht air	14	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	Ag tosú i Ráithe 1 2021

Straitéis Náisiúnta Tailte Móna – Cur Chun Feidhme Gníomhartha a bhfuil Tús Áite tugtha dóibh 2021-2025 (ár lean)

Tuairisc	Uimh. Tag. Gníomhartha	Comhlacht Ceannais	Amlíne maidir le Gníomhartha a chur i gCrích
I Cuirfidh Oifig na nOibreacha Poiblí, i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, na gníomhartha agus na moltaí a d'eascair as tionscadal pólótach bainistíochta Limistéar faoi Chosaint Speisialta eanaigh chun feidhme.	15	Oifig na nOibreacha Poiblí	Ar siúl idir 2021 - 2025
J Leanfar leis na straitéisí atá le fáil i bPlean Bainistíochta Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta na bPortach Ardaithe 2017-2022, lena chinntiú nach dtarlaíonn baint mhóna ar phortaigh ardaithe cosanta ach ar bhealach a chiallaíonn nach bhfuil sláine na Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta á cur i mbaol.	16	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	Ar siúl idir 2021-2022 agus go dtí 2025
K Breithneofar straitéisí a bhaineann le baint mhóna i Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta bratphortaigh laistigh den Tionscadal Comhtháite ' <i>Wild Atlantic Nature</i> ' atá á mhaoiniú ag Clár LIFE an AE.	16	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	Ar siúl idir 2021-2025
L Cuirfear torthaí an athbhreithnithe ar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha portach ardaithe na hÉireann chun feidhme, ag brath ar achtú agus tosach feidhme Bhille um Fhiadhúlra (Leasú) 2016.	17	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	Ráithe 2 2021

Straitéis Náisiúnta Tailte Móna – Cur Chun Feidhme Gníomhartha a bhfuil Tús Áite tugtha dóibh 2021-2025 (ár lean)

	Tuairisc	Uimh. Tag. Gníomhartha	Comhlacht Ceannais	Amlíne maidir le Gníomhartha a chur i gCrích
M	Athbhreithneofar an creat dlí a bhaineann le rialachán baint mhóna i dtéarmaí pleanála, chosaint an chomhshaoil agus cosaint gnáthóg agus forbrófar moltaí ionas go mbeidh córas rialacháin níos soiléire, comhréireach agus in-fhorfheidhmithe ann a áirítear ann freisin reachtaíocht chomhshaoil AE a chomhlíonadh, lena n-áirítear Measúnú Cuí agus Measúnacht Tionchair Timpeallachta chun dea-chleachtas in oibríochtaí baint mhóna a chinntiú.	19, 23	An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	Ráithe 4 2021
N	Déanfar measúnú ar mhéid agus ar thionchar úsáid an tsleádóra Difco nó inneall 'ispín' i dtailte móna laistigh de Thionscadal Comhtháite LIFE an AE ' <i>Wild Atlantic Nature</i> '.	20	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	Ag tosú i Ráithe 2 2021
O	Tacóidh Grúpa Forfheidhmithe na Straitéise Tailte Móna leis an obair atá ar bun ag an nGrúpa Oibre Náisiúnta Cumhdaigh Talún agus Gnáthóg (faoi chathaoirleacht na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra/na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta) agus tionscnaimh chomhphárteacha de chuid Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann agus na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil chun sonraí mapála agus geospásúla a fhorbairt do phleanáil talamhúsáide agus bainistíocht forbartha i ndáil le gach cineál tailte móna agus déanfaidh an Grúpa measúnú ar an bpoitéinseal a bhaineann le húsáid a bhaint as ina thuarascáil (a bhfuiltear ag súil leis in 2021) mar acmhainn do bheartas, taighde agus gníomhartha tailte móna.	21	Grúpa Forfheidhmithe na Straitéise Tailte Móna	Ráithe 4 2021

Straitéis Náisiúnta Tailte Móna – Cur Chun Feidhme Gníomhartha a bhfuil Tús Áite tugtha dóibh 2021-2025 (ár lean)

Tuairisc	Uimh. Tag. Gníomhartha	Comhlacht Ceannais	Amlíne maidir le Gníomhartha a chur i gCrích
<p>P Cuirfidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, i gcomhairle le baill den Fhóram Náisiúnta um Measúnú Cuí, pleananna leanúnacha i gcrích le haghaidh treoir nuashonraithe maidir le Measúnú Cuí agus foilseofar na pleananna in 2021.</p>	22	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	Ráithe 4 2021
<p>Q Foilseoidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta treoirlínte pleanála athbhreithnithe i ndáil le forbairt fuinnimh ghaoithe, agus beidh larscríbhinn maidir le tailte móna leis.</p>	24	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	Ráithe 1 2021
<p>R Tionólfaidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta cruinniú de gach údarás áitiúil agus grúpa oibre chun cur síos a dhéanamh ar ghníomhaíocht na heagraíochta sa réimse oideachais agus feasachta poiblí a bhaineann le tailte móna de réir Thuarascáil Portaigh na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Ullmhófar tuarascáil nuashonraithe maidir le portaigh agus oideachas i ndiaidh an chruinnithe seo agus foilseofar an tuarascáil roimh dheireadh 2021.</p>	27, 29	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	Ráithe 4 2021
<p>S Déanfaidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta staidéar féidearthachta maidir le cruthú páirc nádúrtha tailte móna/bogach a fhoilseofar in 2021.</p>	28	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	Ráithe 3 2021

Straitéis Náisiúnta Tailte Móna – Cur Chun Feidhme Gníomhartha a bhfuil Tús Áite tugtha dóibh 2021-2025 (ár lean)

Tuirisc	Uimh. Tag. Gníomhartha	Comhlacht Ceannais	Amlíne maidir le Gníomhartha a chur i gCrích
T Cuirfidh, áit ar cuí, Grúpa Forfheidhmithe na Straitéise Tailte Móna, torthaí tionscadal taighde atá á ndéanamh faoi láthair agus a dhéanfar amach anseo sa Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus in eagraíochtaí eile san áireamh, agus roinnfear iad le baill den ghrúpa, agus úsáidfear iad chun cabhrú le forbairt beartais amach anseo de réir mar is cuí.	32	Grúpa Forfheidhmithe na Straitéise Tailte Móna	Ar siúl idir 2021 - 2025
U Trí chúnaimh a fháil ó Ghrúpa Forfheidhmithe na Straitéise Tailte Móna, comhordóidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta na gníomhartha maidir le tailte móna atá sonraithe i gClár an Rialtais 2020 chun lántairbhe a bhaint as na buntáistí do bhithéagsúlacht.	*	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	Ar siúl idir 2021 - 2025

*Níor eascair an gníomh seo go díreach as gníomh atá sonraithe sa Straitéis Náisiúnta Tailte Móna ach tá sé ag teacht le forbairtí atá déanta le déanaí agus tá sé ag freastal ar na Prionsabail atá sonraithe sa Straitéis.

Aguisín – Gníomhartha na Straitéise Náisiúnta Tailte Móna Dúnta agus/nó Monatóireacht ar bun

Uimh. Thag. Gníomhartha	Tuairisc
1	Táthar ag leanúint ag cloí le dea-chleachtais talmhaíochta agus timpeallachta (DCTT) agus le ceanglais bhainistíochta reachtúla (CBRanna), agus tá cosaintí i ndáil le cosaint talamh feirme á soláthar go leanúnach ag forálacha faoi Thras-chomhlíonadh. Leanfaidh Grúpa Forfheidhmithe na Straitéise Tailte Móna le monatóireacht a dhéanamh ar rath an ghnímh seo. [Dún & Déan Monatóireacht]
3	Déanfaidh Grúpa Forfheidhmithe na Straitéise Tailte Móna monatóireacht ar rath na gComhpháirtíochtaí Eorpacha leanúnacha um Nuáil a bhaineann le tailte móna, ardtailte agus limistéir Natura, agus leis an Scéim Áitiúil Agra-chomhshaoil don ocht limistéar ainmnithe Diúilicíní Péarla Fionnuisce. [Monatóireacht]
6	Leanfaidh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Bord na Móna, agus BSL le monatóireacht a dhéanamh ar aistriú giniúint cumhachta ó mhóin de réir Chlár um Aistriú Cóir an Rialtais. [Monatóireacht]
11	Rinneadh measúnú ar úsáid laghorthach le haghaidh maolú tuilte, i gcomhthéacs na Sionainne in 2017 agus measadh nach raibh sé inmharthana ag an am. [Dún]
13	Tá túir Chomhathraithis Ghuairneáin (CG) suiteáilte in dhá shuíomh tailte móna, Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta Phortach Chlóirthigh (neasnádúrtha) agus Portach na Loilí Móire (iar-shuíomh laghorthaigh thionsclaíoch ag a ndearnadh oibreacha athshlánaithe), chun monatóireacht a dhéanamh ar fhloscanna ama i ndé-ocsaíd charbóin agus tá taighde ar bun orthu faoi láthair trí thionscadal <i>SmartBog</i> na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Tá sé beartaithe ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra/An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta dhá thúr CG a shuiteáil mar chuid de chlár athchóirithe náisiúnta shuíomhanna na bportach ardaithe faoi Thionscadal Comhtháite LIFE an AE “ <i>Wild Atlantic Nature</i> ”, agus i dteannta a chéile áireofar na ceithre thúr CG seo i líonra monatóireachta tailte móna-aeráide ar fud na hÉireann. Leanfar le monatóireacht a dhéanamh ar fhlosca ama. [Dún & Déan Monatóireacht]

Aguisín – Gníomhartha na Straitéise Náisiúnta Tailte Móna Dúnta agus/nó Monatóireacht ar bun (ár lean)

Uimh. Thag. Gníomhartha	Tuairisc
18	Tá clár cuimsitheach athchóirithe Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta agus Limistéar Oidhreachta Nádúrtha portach ardaithe forbartha trí Phlean Bainistíochta Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta na bPortach Ardaithe 2017-2022, lena n-áirítear pleananna athshlánaithe a dhréachtú le haghaidh Limistéar Oidhreachta Nádúrtha. Leanfar le hoibreacha athshlánaithe a chur chun feidhme i gcomhpháirt leis na húinéirí talún cuí agus le páirtithe leasmhara eile. [Dún & Déan Monatóireacht]
25	Ní dhéanfar dearmad ar an bprionsabal seo nuair a bheifear ag leanúint leis an obair agus tabharfar aird air sa Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus sa Mheasúnú Cuí nuair is gá. [Dún]
26	Tá an prionsabal seo curtha san áireamh nuair a bhí Plean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn 2018-2021 agus Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Bhord na Móna 2016-2021 á forbairt, agus ní ligfear i ndearmad é amach anseo. [Dún]
30	Cuirfear breithniú na dtailte móna mar áineas san áireamh mar chuid de na pleananna athchóirithe atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo ach níl gá le beart sonrach i láthair na huaire. [Dún]
31	Tá sé curtha san áireamh i bPlean Bainistíochta Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta na bPortach Ardaithe 2017-2022. [Dún]

gov.ie/tithiocht

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta



An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage